

**SEICLIOSTA LE HAGHAIDH
IARRATASÓIRÍ AR
DHÁMHACHTAINÍ AGUS
SPARÁNACHTAÍ**



- (a) *Níl aon fhoirm iarratais ar Scéim na nDeontas faoin Acht Ealaíon 2003, ar Sparánacht Réigiúnach Ionad Tyrone Guthrie, ná ar Scoláireacht Shamhraidh Chonradh Drámaíochta na hÉireann. Ba chóir d'iarratasóirí féachaint ar na bileoga eolais a ghabhann leis na dámhachtainí sin.*
- (b) *Ba chóir foirmeacha iarratais a chomhlánú go pearsanta, ach amháin má bhíonn cabhair ag teastáil i gcás mionaoiseach nó daoine faoi mhíchumas. Is ionann an fhoirm iarratais a shíniú agus gealltanais a thabhairt gur léigh tú na coinníollacha a ghabhann leis, agus go mbeidh tú faoi cheangal acu.*
- (c) *Ná seol ábhar uathúil, nach féidir a athsholáthar, riamh, le d'fhoirm iarratais. Ní bheidh Comhairle Contae Lú freagrach as aon ábhar dá shórt.*
- (d) *Féach chuige go mbíonn lipéad ar gach rud a chuireann tú chugainn, agus d'ainm agus do shonraí teagmhála breactha go soiléir air. Má tá grianghraif nó íomhánna ar CD á gcur isteach agat, féach chuige go mbíonn teidil agus sonraí ag gabháil leo.*
- (e) *Ní mór gach iarratas a bheith faighte faoin dáta agus faoin am deiridh. Ní ghlacfar le hiarratais dhéanacha. Is é an t-iarratasóir a bheidh freagrach as gach eolas riachtanach a sholáthar.*
- (f) *Ní ghlacfar le harratais i bhfoirm ríomhphoist.*
- (g) *Beidh ar iarratasóirí a n-éireoidh leo Uimhir Thagartha Cánach agus sonraí le haghaidh íocaíocht EFT a sholáthar. I bhfoirm EFT a phróiseálfaidh Comhairle Contae Lú gach íocaíocht.*
- (h) *Aon eolas a chuireann iarratasóirí isteach, caithfidh na fíricí ann a bheith cruinn.*
- (i) *Iarratasóirí a fuair dámhachtain CreateLouth roimhe seo, ní mór dóibh ainm, data agus méid na dámhachtana a lua.*
- (j) *Caithfear gach iarratas, is cuma cén seoladh atá acu i Lú, a chur chuig: An Oifig Ealaíon, Comhairle Contae Lú, Halla an Chontae, Ionad na Mílaoise, Dún Dealgan, Co.Lú. A91 KFW6*